

COVID-19 – Seicliosta Dea-chleachtais

Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le scaipeadh COVID-19 a chosc. Cabhróidh an seicliosta seo le fostóirí atá ag cuimhneamh ar chlár RADT a bhunú ina n-ionad oibre.

Cabhróidh an seicliosta seo le fostóirí atá ag cuimhneamh ar chlár RADT a úsáid ina n-ionad oibre. Is é an phríomhchúis a n-úsáidtear a leithéid de thástálacha ná chun cabhrú leis an tsláinte poiblí cásanna COVID-19 a “shainaitint”. Tá tuilleadh eolais ar gov.ie, hse.ie, hpsc.ie agus hsa.ie.

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	Nósanna Imeachta agus Eolas			
1	An bhfuil tú tar éis breathnú ar Chuid 2. C10 den Phrótocal Idirthréimhseach, Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19, faoi Thástáil Dhiagnóiseach Antaigine (ADT) agus Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)?			
2	An bhfuil tú tar éis dul i gcomhairle leis na hoibrithe agus lena n-ionadaithe (an Príomh-Ionadaí Oibrithe/na Príomh-Ionadaithe Oibrithe agus an t-ionadaí sábháilteachta/na hionadaithe sábháilteachta) faoi Mhearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine a chur i bhfeidhm, sula gcuirtear tús le réim RADT?			
3	An bhfuil tú tar éis a mhíniú do na hoibrithe gur fúthu féin a chinneadh páirt a ghlacadh in RADT agus nach gá dóibh a bheith páirteach sa tástáil?			
4	An bhfuil aon eolas sláinte poiblí reatha agus atá ag teacht chun cinn maidir le RADT curtha san áireamh?			
5	Sula dtosaítear ar RADT, an bhfuil tú tar éis cur i bhfeidhm agus riar RADT a phlé agus a chomhaontú leis na hoibrithe agus lena n-ionadaithe (an príomh-ionadaí oibrithe/na príomh-ionadaithe oibrithe agus an t-ionadaí sábháilteachta/na hionadaithe sábháilteachta)?			
6	An bhfuil sé socraithe agat cé acu an bhfeilfeadh clár RADT a réachtáiltear go himmheánach nó go seachtrach do do ghnó?			
7	An bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar an ualach riaracháin agus acmhainní chun an clár a bhainistiú, ar nós maipíneachta, taifeadadh, tuairisciú, cumarsáide agus tástála a bhaineann leis an gclár a chur i bhfeidhm.			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
8	An bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar chonraitheoirí agus cuairteoirí ar an ionad oibre, agus ar cheart go mbeidís siúd san áireamh sa tástáil?			
9	An bhfuil eolas táirge/treoracha úsáide an déantúsóra á léamh agus á sheiceáil chun an RADT is oiriúnaí don chlár a roghnú?			
10	An bhfuil minicíocht na tástála, go laethúil nó faoi dhó sa tseachtain cuir i gcás, bunaithe ar riachtanais an ghnó?			
11	An bhfuil measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta ceirde i scríbhinn curtha i gcrích don ghníomhaíocht nua oibre seo agus do na rioscaí sonracha a bhaineann le RADT a úsáid san ionad oibre?			
12	An bhfuil na moltaí sláinte poiblí agus treoracha úsáide dhéantúsóir na tástála san áireamh i mbearta rialaithe an mheasúnaithe riosca?			
13	An bhfuil próiseas i bhfeidhm do chomhaltaí foirne nach dteastaíonn uathu páirt a ghlacadh sa tástáil?			
14	An bhfuil Plean Freagartha COVID-19 nuashonraithe leis an mbeartas tástála comhaontaithe agus an cur chuige a ghlacfar?			
15	An bhfuil an plan nuashonraithe, an beartas tástála comhaontaithe agus an cur chuige curtha in iúl do na hoibrithe ar fad?			
16	An bhfuil athbhreithniú agus leasú déanta ar bheartais agus nósanna imeachta eile atá i bhfeidhm, i gcomhairle leis na hoibrithe agus lena n-ionadaithe, de réir mar is gá?			
17	An bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta nuashonraithe sin curtha in iúl do chách?			
18	An bhfuil oiliúint curtha ar an bhfoireann ar fad atá páirteach sa tástáil RADT ionas gur féidir leo tabhairt faoi na tástálacha go sábháilte agus i gceart?			
19	An bhfuil maoirseacht oiriúnach i bhfeidhm chun cumas na ndaoine atá ag tabhairt faoin tástáil a chinntiú?			
20	Má tá na tástálacha á ndéanamh ag an hoibrithe orthu féin, an bhfuil athoiliúint ar fáil chun dearbhú cáilíochta agus cumas a chinntiú?			
21	An bhfuil nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm don díghalrú agus diúscairt dramhaíola?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
22	Má tá seirbhís sláinte ceirde nó leighis san ionad oibre, an bhfuil comhairle faighte agat uathu roimh bhunadh an chláir tástála?			
23	An bhfuil nósanna imeachta soiléire agus comhaontaithe i bhfeidhm chun tacú le bainistiú cásanna dearfacha a aimsítear, lena n-áirítear fáil ar thástáil deimhnithe PCR?			
24	An bhfuil treoracha ar fáil d’oibríthe faoina bhfuil le déanamh i gcás tástáil dhiúltach, dhearfach nó neamhbhailí?			
25	An bhfuil na hoibríthe ar an eolas go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile má tá siomptóim ar bith de COVID-19 orthu? An bhfuil siad ar an eolas go gcaithfidh siad cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí chuige sin?			
26	An bhfuil eolas pearsanta á bhailiú de réir cheanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)?			
27	An bhfuil an tábhacht a bhaineann le leanúint le cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí i dtaobh glanadh lámh, béasa riospráide agus bearta eile curtha in iúl do na hoibríthe?			
28	An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht RADT a úsáid san ionad oibre, mar shampla an líon tástálacha a dhéantar, torthaí dearfacha, diúltacha agus neamhbhailí?			
29	An bhfuil beartas i bhfeidhm chun cur i gcrích aon chláir tástála RADT a chinneadh?			
30	Má tá oibríthe ag úsáid RADTanna, an bhfuil tú tar éis iad a chur ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm le haghaidh úsáid agus dhiúscairt shábháilte na n-ábhar tástála agus sreabhán guaiseach?			

Eolas Breise

- Féach ar Chuid 2: C10 den Phrótacal Idirthréimhseach, Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19.
- Tá liosta RADTanna lena ngabhann Marcáil CE agus atá ar fáil ar mhargadh an Aontais Eorpaigh ar fáil ar leathanach baile an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde: (<https://covid-19-diagnostics.jrc.ec.europa.eu/>).
Níl aon chóras faofa lárnach ann le haghaidh feistí leighis diagnóiseacha in vitro san Aontas Eorpach agus dá réir ní thugtar liosta d'fheistí údaraithe nó faofa san Aontas ar an mbunachar sonraí sin.
- Má mholann cuideachta RADT féintástála a úsáid amach anseo (is é sin nuair a fhaigheann siad marcáil CE lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann), beidh ar an bhfostóir machnamh a dhéanamh ar an ndéanfaidh an t-oibrí an tástáil sa bhaile agus má aontaítear é sin a dhéanamh, cé na bearta breise a theastódh. Mar shampla, cén chaoi ar cheart oiliúint a chur ar an oibrí agus cén chaoi a ndéanfaí diúscairt ar aon dramhaíl bhitheolaíochta.

Ainm: _____ **Síniú:** _____ **Dáta:** _____

Is chun críche teorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dhlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanas ná costais dhíreacha, indéreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.